C/2023/1408

5.12.2023

Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1])

(C/2023/1408)

An liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE ARNA nEISIÚINT AG NA BALLSTÁIT

AN EASTÓIN

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

1. Doiciméid san fhormáid aonfhoirmeach a eisítear do náisiúnaigh tríú tír lena gcruthaítear go bhfuil cead cónaithe acu nó go bhfuil an ceart cónaithe acu (doiciméid a eisíodh ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh).

1.1. **Cárta ceada cónaithe an chónaitheora fadtéarma**

Tá teideal an doiciméid, 'ELAMISLUBA', le fáil i lár an imill uachtaraigh ar éadan an cheada cónaithe, agus tá an teideal Béarla, 'Residence permit', ar an imeall íochtarach.

1.1.1. Pikaajaline elanik – cónaitheoir fadtéarma

1.1.2. Pikaajaline elanik EÜ – cónaitheoir fadtéarma CE

1.1.3. Pikaajaline elanik EÜ, endine ELi sinise kaardi kasutaja – cónaitheoir fadtéarma CE, iarshealbhóir an chárta ghoirm AE

1.1.4. Pikaajaline elanik EÜ, rahvusvahelise kaitse andis – cónaitheoir fadtéarma CE, cosaint idirnáisiúnta arna deonú ag

1.2. **Cead cónaithe sealadach**

Tá teideal an doiciméid, 'ELAMISLUBA', le fáil i lár an imill uachtaraigh ar éadan an cheada cónaithe, agus tá an teideal Béarla, 'Residence permit', ar an imeall íochtarach.

1.2.1. Tähtajaline elamisluba – cead cónaithe sealadach

1.2.2. Elamisluba töötamiseks – cead cónaithe chun críoch fostaíochta

1.2.3. Elamisluba töötamiseks, ELi sinine kaart – cead cónaithe chun críoch fostaíochta, cárta gorm AE

1.2.4. Elamisluba töötamiseks ICT – cead cónaithe chun críoch fostaíochta san earnáil TFC

1.2.5. Elamisluba ettevõtluseks – cead cónaithe chun críoch gnó

1.2.6. Elamisluba õppimiseks – cead cónaithe chun staidéar

Más é sealbhóir an cheada cónaithe ball teaghlaigh le saoránach den Aontas nach mbaineann leas as an gceart chun saorghluaiseachta a eascraíonn as an Treoir maidir le Saoránaigh agus má eisítear cárta cónaithe dó, beidh an lua 'pereliige / family member' ar an doiciméad.

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

1.3. **Cead cónaithe le haghaidh ball teaghlaigh le saoránach den Aontas**

Tá teideal an doiciméid, 'LIIDU KODANIKU PERELIIKME ELAMISLUBA', le fáil i lár an imill uachtaraigh ar éadan an cheada cónaithe, agus tá an teideal Béarla, 'Residence card of a family member of a Union citizen', ar an imeall íochtarach.

1.3.1. Tähtajaline elamisõigus – ceart cónaithe shealadaigh

1.3.2. Alaline elamisõigus – ceart buanchónaithe

1.4. **Ceart cónaithe saoránaigh den Ríocht Aontaithe**

Tá teideal an doiciméid, 'ELAMISÕIGUS', le fáil i lár an imill uachtaraigh ar éadan an cheada cónaithe, agus tá an teideal Béarla, 'Right of residence', ar an imeall íochtarach.

1.4.1. Tähtajaline elamisõigus, ELi lepingu art 50, Artikkel 18(4) – ceart cónaithe shealadaigh,

1.4.2. Tähtajaline elamisõigus, ELi lepingu art 50, Artikkel 18(4) – ceart buanchónaithe

1.5. **Ceart cónaithe baill teaghlaigh le saoránach den Ríocht Aontaithe**

Tá teideal an doiciméid, 'PERELIIKME ELAMISÕIGUS', le fáil i lár an imill uachtaraigh ar éadan an cheada cónaithe, agus tá an teideal Béarla, 'Right of residence of a family member', ar an imeall íochtarach.

1.5.1. Tähtajaline elamisõigus, ELi lepingu art 50, Artikkel 18(4) – ceart cónaithe shealadaigh,

1.5.2. Tähtajaline elamisõigus, ELi lepingu art 50, Artikkel 18(4) – ceart buanchónaithe

Chun críoch taistil, ní mór cártaí ceada cónaithe arna eisiúint do náisiúnaigh tríú tír a thabhairt ar aird in éineacht le pas bailí.

2. Ceadanna lena sonraítear an ceart fanachta i bPoblacht na hEastóine agus a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 5a de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 (ceadanna a eisíodh ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh).

2.1. **Ceart fanachta i bPoblacht na hEastóine**

Tá teideal an doiciméid, 'EESTI VABARIIGIS VIIBIMISE LUBA', le fáil i lár an imill uachtaraigh ar éadan an cheada cónaithe, agus tá an teideal Béarla, 'Right of stay in the Republic of Estonia', ar an imeall íochtarach.

2.1.1. Kaitseministri luba – cead an Aire Cosanta

2.1.2. Kaitseministri luba, ülalpeetav – cead an Aire Cosanta, cleithiúnaí

3. Gach doiciméad eile a eisítear do náisiúnaigh tríú tír agus do shaoránaigh den Aontas

3.1. **Cárta aitheantais taidhleoireachta**

3.1.1. Catagóir A – Ceann Misin agus a bhaill teaghlaigh; gorm

3.1.2. Catagóir B – Taidhleoir agus a bhaill teaghlaigh; gorm

3.2. **Cárta seirbhíse**

3.2.1. Catagóir C – Fostaí riaracháin agus a bhaill teaghlaigh; dearg Catagóir D – Fostaí cúnta; glas

3.2.2. Catagóir E – seirbhíseach príobháideach; glas

3.2.3. Catagóir F – saoránach Eastónach agus buanchónaitheoir atá ag obair ar mhisean eachtrach; glas

3.2.4. Catagóir HC – Consal oinigh; liath

3.2.5. Catagóir G – Ball foirne d'eagraíocht idirnáisiúnta nó d'institiúid eile agus a bhaill teaghlaigh; oráiste

AN IODÁIL

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

1. Ceadanna cónaithe a eisítear i gcomhréir leis an bhformáid aonfhoirmeach a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1954 an 25 Deireadh Fómhair 2017, ar ceadanna cónaithe iad atáthar a eisiúint ó bhí an 30 Eanáir 2021 ann:

   — Permessi di soggiorno con validità da tre mesi a un massimo di cinque anni (recanti l'indicazione dello specifico motivo del soggiorno)

     (Ceadanna cónaithe a bhfuil bailíocht trí mhí go huastréimhse cúig bliana acu (lena léirítear an chúis shonrach atá leis an gcónaí). Fíor 1 d'Iarscríbhinn 23)

   — Permesso di soggiorno per soggiornante di lungo periodo UE (rilasciati in attuazione della direttiva 2003/109/CE)

     (Cead cónaithe le haghaidh cónaitheoirí fadtéarmacha san Aontas (a eisítear de bhun Threoir 2003/109/CE). Fíor 2 d'Iarscríbhinn 23)

2. Carta di soggiorno e Carta di soggiorno permanente

   (Cárta cónaithe agus cárta buanchónaithe (doiciméad a eisítear do bhaill teaghlaigh le náisiúnaigh den Aontas Eorpach de bhun Threoir 2004/38/CE) atá bailí ar feadh 5 bliana (cárta cónaithe ar a bhfuil na focail 'ball teaghlaigh le saoránach den Aontas Eorpach', Airt. 10 de Threoir 2004/38/CE) nó 10 mbliana (cárta cónaithe ar a bhfuil na focail 'ball teaghlaigh le saoránach den Aontas Eorpach', Airt. 20 de Threoir 2004/38/CE). Fíoracha 3 agus 4 d'Iarscríbhinn 23)

3. Carta di soggiorno e carta di soggiorno permanente

   (Cárta cónaithe agus cárta buanchónaithe (doiciméad cónaithe atáthar a dheonú ó bhí an 1 Feabhra 2020 ann do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus dá mbaill teaghlaigh a bhfuil cearta acu faoin gComhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, a eisítear i gcomhréir leis an bhformáid aonfhoirmeach a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002) agus atá bailí ar feadh 5 bliana (cárta cónaithe) nó 10 mbliana (cárta buanchónaithe). Figiúirí 5 agus 6 d'Iarscríbhinn 23):

   — i gcás náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, beidh na focail 'Airteagal 50 CAE agus Airteagal 18(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe' air

   — i gcás oibrithe trasteorann ón Ríocht Aontaithe, beidh na focail 'Airteagal 50 CAE-oibrí trasteorann agus Airteagal 18(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe' air

   — i gcás baill teaghlaigh (ón Ríocht Aontaithe nó tríú tír eile) le náisiúnach den Ríocht Aontaithe, beidh na focail 'Airteagal 50 CAE-ball teaghlaigh agus Airteagal 18(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe' air

   — i gcás baill teaghlaigh (ón Ríocht Aontaithe nó tríú tír eile) le hoibrí trasteorann ón Ríocht Aontaithe, beidh na focail 'Airteagal 50 CAE-ball teaghlaigh agus Airteagal 18(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe' air

   — Modulo di richiesta della Carta di soggiorno

   (Foirm iarratais ar chárta cónaithe (faoi Airteagal 18(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach) a eisítear do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus dá mbaill teaghlaigh a bhfuil cearta acu faoin gComhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe go dtí go bhfaighidh siad an cárta cónaithe. Figiúr 7 d'Iarscríbhinn 23)

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 1.
IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 1.
IO C 164, 18.7.2007, lch. 45.
IO C 192, 18.8.2007, lch. 11.
IO C 271, 14.11.2007, lch. 14.
IO C 57, 1.3.2008, lch. 31.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 14.
IO C 207, 14.8.2008, lch. 12.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 3, 8.1.2009, lch. 5.
IO C 64, 19.3.2009, lch. 15.
IO C 198, 22.8.2009, lch. 9.
IO C 239, 6.10.2009, lch. 2.
IO C 298, 8.12.2009, lch. 15.
IO C 308, 18.12.2009, lch. 20.
IO C 35, 12.2.2010, lch. 5.
IO C 82, 30.3.2010, lch. 26.
IO C 103, 22.4.2010, lch. 8.
IO C 108, 7.4.2011, lch. 7.
IO C 157, 27.5.2011, lch. 5.
IO C 201, 8.7.2011, lch. 1.
IO C 216, 22.7.2011, lch. 26.
IO C 283, 27.9.2011, lch. 7.
IO C 199, 7.7.2012, lch. 5.
IO C 214, 20.7.2012, lch. 7.
IO C 298, 4.10.2012, lch. 4.
IO C 51. 22.2.2013, lch. 6.
IO C 75. 14.3.2013, lch. 8.
IO C 77, 15.3.2014, lch. 4.
IO C 118, 17.4.2014, lch. 9.
IO C 200, 28.6.2014, lch. 59.
IO C 304, 9.9.2014, lch. 3.
IO C 390, 5.11.2014, lch. 12.
IO C 210, 26.6.2015, lch. 5.
IO C 286, 29.8.2015, lch. 3.
IO C 151, 28.4.2016, lch. 4.
IO C 16, 18.1.2017, lch. 5.
IO C 69, 4.3.2017, lch. 6.
IO C 94, 25.3.2017, lch. 3.
IO C 297, 8.9.2017, lch. 3.
IO C 343, 13.10.2017, lch. 12.
IO C 100, 16.3.2018, lch. 25.
IO C 144, 25.4.2018, lch. 8.
IO C 173, 22.5.2018, lch. 6.
IO C 222, 26.6.2018, lch. 12.
IO C 248, 16.7.2018, lch. 4.
IO C 269, 31.7.2018, lch. 27.
IO C 345, 27.9.2018, lch. 5.
IO C 27, 22.1.2019, lch. 8.
IO C 31, 25.1. 2019. lch. 5.
IO C 34, 28.1.2019, lch. 4.
IO C 46, 5.2.2019, lch. 5.
IO C 330, 6.10.2020, lch. 5.
IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.
IO C 140, 21.4.2021, lch. 2.
IO C 150, 28.4.2021, lch. 5.
IO C 365, 10.9.2021, lch. 3.
IO C 491, 7.12.2021, lch. 5.
IO C 509, 17.12.2021, lch. 10.
IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.
IO C 272, 15.7.2022, lch. 4.
IO C 304, 9.8.2022, lch. 5.
IO C 393, 13.10.2022, lch. 10.
IO C 72, 28.2.2023, lch. 44.
IO C 274, 3.8.2023, lch. 6.
IO C, C/2023/260, 19.10.2023.